polaitíoċt

Ging den ailm a scoilteas é féin

Cé go dtáinig an Dáil le céile an tseaċtain seo ċaite, níorḃ é an Dáil príoṁ ḟoinse Nuaíoċta Poiliticiúil. Agus cé go raiḃ coinne ag an tUasal Lemass ⁊ an Uasal Ó Néill, lena céile i mBaile Áṫa Cliaṫ. agus go dearnaḋ ócáid soisialaċ dó, leis na mná uaisle agus eile, mar sin féin ní ansin atá préaṁ an rudaí atá le teaċt, le feiceáil ċoṁ soiléir agus atá sé in áit eile. mar a ḃí ṫuas i nDoire Calgaċ, i nDoire Ċolmcille.

Ging den ailm a scoilteas é féin—adúirt an File fadó, agus is fíor é. Is fíor é fá'n tuaisceart fosta. Ḃí dá ṡompla iontaċ soiléir ansin ar na mallaiḃ. de tionċar poiliticiúil ar neiṫe nár ċeart tionċar poiliticiúil a ḃeiṫ orṫa. Ba é an ċéad ċeann ná an plean leis an dara caṫair ins na Sé-Ċondaeṫa a ḃeiṫ idir Lurgan agus Port a' Dúinín (Port Lurgain). Ba soiléir ó ṫaoḃ eacnamaíoċta de gur méadú ar ċaṫair Ḋoire, go mbeaḋ sé ina ċaṫair de 100,000 nó breis a ba ċeart a ḃeiṫ ann de ṫairḃe cúrsaí geilleagair, cúrsaí coṁḋaonaċ, cúrsaí forḃairte agus eile. Aċ. ḃeaḋ dainséar dá ndéantaí sin, go dtiocfaḋ dó go mbeaḋ tromlaċ ag aicme áiṫrid ann. Mar sin de, de réir luċt pleanála féin, cuireaḋ tionċar nár ċóir orṫa, ċun a ṁolaḋ gur in Ardṁaċa a ḃeaḋ an ċaṫair nua.

,Ansin ḃí Coimisiún eile na suí fá ċúrsaí oideaċais, agus fá ċúrsaí Ollscoile aċ go h-áiṫrid. Ḃí daoine in Ardṁaċa ag súil go m'ḟéidir go mbeaḋ sé in Ardṁaċa, ḃí caint faoi Inis Ceiṫleann aċ tríd uilig, ṫuig gaċ duine gur i nDoire a ba ċóir don dara Ollscoil ins na Sé Ċondae a ḃeiṫ.

Ḃí sé glacta beagnaċ, gur ansin a ḃeaḋ, go h-áiṫrid ó ḃí Coláiste Ṁac Aoiḋ ann ċeana féin. Ḃí iarratas istiġ fána ċoinne agus cás ullṁaiṫe ag Cúl Raiṫne imeasc bailte eile. Ba ḃeag dóċas a ḃí acu go raiḃ cás acu fána ċoinne. D'ḟonn naċ raċaḋ sé go Doire a ċuir "imeall na mire" an cás do Cúl Raiṫne.

Aċ, ṫáinig cúrsaí poiliticiúla i gceist, agus cuireaḋ na cúrsaí poiliticiúla i ḃfeiḋm ar luċt an Ċoimisiúin, agus nuair a foilsíoḋ tuarascáil Coimisiún Lockwood Dé hAoine seo caite, ḃí sé molta ann go mbeaḋ an Ollscoil nua, ní hé i nDoire, aċ i gCúl Raiṫne. Ḃeaḋ an Ollscoil san áit a mbeaḋ na daoine cearta ṫart uirṫí, agus ḃeaḋ céim eile glacta in neartaiṫe status cuo sa Tuaisceart.

'Na ionad sin, b'ḟéidir gurḃ é an buille deireannaċ é a leagfaḋ an seana-stáid, agus a ċuireaḋ spiorad nua ar obair. Agus tá cosúlaċt air gur mar sin a ḃeiḋ. In ionad Aondaċtóirí a neartú, sé an rud atá sé taréis Aondaċtóirí agus Náisiúntóirí Ċaṫair Doire a ċaiṫeaṁ isteaċ i ngreimeanna caradais lena ċéile.

Níor ċuir Méire Ḋoire fiacail insan méid a ḃí le rá aige ar Telefís oíċe Ċeadaoine, agus ní ḟactas rud ar biṫ ariaṁ ċoṁ suaraċ, ċoṁ h-amaideaċ nó ċoṁ mí-éifeaċtaċ leis an méid cainte a ḃí le rá ag Caṫaoirleaċ an Ċoimisiúin faoi na ċuid moltaí. Níor ṫug sé iarraċt dá lagad ar aon ċeann acu a ċosaint.

Má ḃíonn Náisiúntóirí cúramaċ, agus díscréideaċ anois ina siad, tá céim úr glacta ag an Ċoiste Aontaiṫe i nDoire, agus is cuma cé acu ḃainfiḋ siad nó ċaillfiḋ siad an ċúis seo is deacair a ḟeiceáil cé'n dóiġ naċ neartófar leis an spiorad úr seo. Aḃus againn féin, tá an feaċtas ar siúl i gCorcaí. Ceaṫrar iarratóir gan seans ar biṫ ag duine aṁáin, timpeall an seans céanna ag an triúr eile. é ṫar a ḃeiṫ tábaċtaċ do gaċ ceann de na trí páirtiṫe móra go mbainfeaḋ siad an suíoċán sin. Ba ċóir go ḃfeicfí feaċtas ċoṁ dian agus a ċonactas ariaṁ i gCorcaí.

Sa Dáil féin, cogar anseo ⁊ ansiúd fá toġċán. Gan aon duine ag rá mórán. San am ċéanna, é le tuiscint naċ ḃfuil fonn dá lagad ar Ḟianna Fáil toġċán a ċur ar siúl. Fanfaiḋ siad, mar dúirt mé, go 1966. Agus is fiú dóiḃ fanaċt má ṫig leo.

Breandán Mac Feorais ag rá, lá oscailte na Dála. gurḃ é bun cuspóir an Ṗáirtí Oiḃreaċais, nó Éire Aontaiṫe ar fad. Is maiṫ gurḃ ea, aċ is beag maiṫeas atá lena aṫ-rá arís.

Maireann an tost ar fad. Níl focal fós as Fine Gael nó an Luċt Oiḃre faoi an Ṗáipéar Bán, nó faoi polasaí Gaeilge. Agus insan méid craolta a deineaḋ an tseaċtain seo caite, níor laḃair Teaċta Fine Gael ċor ar biṫ faoi an teanga.

Céim mór suas do Ḟianna Fáil gan aṁras, ceannaċ an B. ⁊ I. An raiḃ coṁ-oiḃriú idir an tUasal Childers agus B. ⁊ I nuair a d'ḟógair siadsan an 7½ p.c. ardú? Gan aṁras ba riaċtanaċ gur iad-san a d'ḟógraḋ é, agus naċ é an Rialtas nó an Coṁluċt nua a ḃunófar. Agus dála an scéil. is cosúil go measann Childers go ḃfuil barraíoċt dóċais ag éirí as. Má tá, cuireaḋ sé ceist ar Scéala Éireann, cés is cúis leis. Cibé ar biṫ, is maiṫ an gníoṁ agus is miṫid, aċ ceist agam ort a Uasail Childers, cad é an t-ainm a ḃéas ar an ċuideaċtain nua?

Tá daoine i Muiġeo agus i nGailliṁ adeir gur "Muinntir na Gaeltaċta" nó "Bealaċ na Gaeltaċta" ba ċóir a ṫaḃairt air. Agus cúis acu leis. Aċ, searḃas i leaṫ-taoḃ, ní miste a ċinntiú go dtaḃarfar ainm ceart Gaelaċ air. Má tá an Páipéar Bán ann féin, agus dísḃeagaḋ, ní gá sleaṁnú ó nós atá bunaiṫe go tréan anois. Cad faoi "Seirḃísí Muir Meann" nó "Muirlínte Éireann" nó "Muirlínte Manannainn" má's maiṫ leaṫ ḃeiṫ classiceaċ.

FEARFEASA.

Méid mogal na neangaċa

De réir ordú úr atá déanta ag Seoirse Ó Colla, Rúnaí Pairliminte don Aire Tailte agus Iascaí, beiḋ sé na ċóir feasta iascaireaċt ar biṫ a ḋéanaṁ le eangaċ, nó eangaċ a ċoinneáil ar bord tráiléar ina ḃfuil mogail níos lú ná 70 milometres i gcás tráil atá déanta de ċórda singil; 75 milometres i gcás tráil atá déanta de ċórda dúḃailte ⁊ 80 milometres i gcás tráil atá déanta de manilla nó sisal. Ḃeiḋ sé ina ċoir fosta, úsáid a ḃaint as cineál ar biṫ gléasa ḋéanfas poll insan mogail níos lú, ná a ċuireas cosc leis. Tá na h-íosteoraí fá ċoinne an ṁogail ceap-

Litir Ṡasana

DÓNAL MAC AṀLAIḂ

Is beag sean-scéal ná fabal-scéal i mbéaloideas tíre ar biṫ naċ mbíonn leagan eile de i ngaċ tír eile, aċ seo ceann nár airiġ mé a ċoṁ-leagan, ná rud ar biṫ a ḃí cosúil leis, fiú, sa nGaeilge riaṁ.

Ḃí francaċ mór ann fadó sa nDoṁan Ṫoir agus inín álainn aige. Ċeap an beiṫíoċ beag an oiread sin dá inín agus naċ sásóḋ a ḋaṫ é aċ go ḃfaiġfeaḋ sí mar ċéile an neaċ ba ṁó ċcṁaċt faoin spéir. Aċ ní raiḃ ḟios aige féin cérḃ é an duine nó an rud ba ċoṁaċtaí agus mar sin b'iúd leis ag triall ar an ḃfrancaċ ba ċríonna uilig, ainṁí meaḃraċ a raiḃ an-aois go deo aige.

"Inis dom, leo' toil, cé aige is mó ḃfuil coṁaċt faoin spéir" ar seisean leis an sean-ḟrancaċ críonna.

"Is í an ġrian an rud is coṁaċtaí gan daḃt," arsan an francaċ gan daḃt," arsa an francaċ feasa, "téiriġ ag caint leis an ngrian má's áil leat céile a ḟáil dod' inín."

Glac an t-aṫair an coṁairle seo agus b'iúd leis suas go mullaċ an ċnuic ab' airde sa gceanntar go ḃfaiġfeaḋ sé deis ċainte leis an ngrian. D'ḟáiltiġ an ġrian roiṁe agus d'inis an francaċ céard a ḃí ag déanaṁ buarṫa dó.

"Ba ró-ḋeas uait a ṫeaċt ċugam, agus tá mé buíoċ duit, arae ní foláir nó tá t-inín as cúimse daṫúil," arsan an ġrian, "aċ dáiríre píre ní mise an t-é is mo ċoṁaċt ċor ar biṫ, aċ an scamall, mar go dtig leis an scamall mo ṡolas-sa a ṁúċaḋ am ar biṫ a luíorn sé ar m'éadan. Téiriġ ag caint leis an scamall mar sin."

"Is go dearfa," arsa an francaċ, "níl aon ġraiṫ aici ḋíot-sa má tá do ṡárú le fáil. Lá maiṫ a'd a ġréin," agus d'imiġ leis ag tarraingt ar an scamall. Ḃeannaiġ sé go h-ómósaċ don scamall agus ṁíniġ a scéal go beaċt is go cruinn dó.

"Tá mé buíoċ díot, a ċara," arsa an scamall. "aċ tá faitís orm naċ domsa t-inín mar sin féin. Ní mise is coṁaċtaċ amuiġ. Is láidre an ġaoṫ ná mé arae nuair a ṡéideann sise caiṫeann mise greadaḋ liom treasna droṁċla na spéire. Téiriġ ċuig an ġaoṫ mar sin mar a ḋéanfaḋ francaċ maiṫ."

"Is go dearfa," arsa an francaċ, "ní ḃeaḋ aon ġraiṫ ag m'inín ḋíot-sa más ann agus gur coṁaċtaí an ġaoṫ ná tú. Lá maiṫ agat." Agus ḃailiġ sé leis gur ḃuail bleid ar an ngaoṫ. D'inis sé don ġaoṫ céard ab áil dó léi., faoi mar a d'inis don ġrian agus don scamall roiṁe sin, agus ṫairg a inín le pósaḋ.

"Is deas uait sin, a ḋrioṫáirín aċ tá orm ċur suas don gcleaṁnas."

"Tuige sin?" arsa an francaċ agus trína ċéile ag teaċt air. "Mar naċ agamsa tá an coṁaċt is mó. Is láidre Falla Mór na Síne ná mé arae nuair a ṡéidim agus nuair a ḃuailim i gcoinne an Ḟalla Ṁóir 'ndeaṁan a ḋaṫ doċair a ḋéanaim dó aċ cuireann seisean cosc liomsa coṁ reiḋ le rud ar biṫ."

"Dona go leor. a táilliúir," arsa an francaċ, "níl neart air mar sin aċ a ḋul agus labairt leis an ḃfalla sin."

"Sin é a ḋéanfas tú anois," arsa an ġaoṫ, "agus go n-éirí t-aistear leat.

B'aistear fada freisin é, dar m'anam, aċ faoi ḋeire ṫiar ṫall ṡroiċ an francaċ an Falla Mór níl aon neaċ eile ar ḋruim an tsaoil sáċ maiṫ aici?" arsa an francaċ.

Liġ an Falla Mór osna le teann truaiṁċéile as agus ar seisean: "Fairíor naċ fíor duit é—gur mise an rud is coṁaċtaí. Mar ní mé."

"Céard tá níos coṁaċtaí ná ṫú, mar sin?" arsa an francaċ, agus iontas agus beagúċtaċ ag teaċt air.

"Tá," arsa an Falla Mór, "francaċ beag liaṫ ina ċónaí istiġ i scailp ionam agus bíonn sé de ṡíor de mo ċreimeaḋ, agus níl aon uair dá gcreimeann sé ruaime ḋíom naċ ndéantar púdar ḋe agus naċ lagtar tuille mé agus ṫiocfaiḋ an lá fós nuair a leagfas an francaċ beag sin mé."

"Isé an francaċ beag liaṫ an neaċ is mó ḃfuil coṁaċt aige mar sin?' 'arsa an francaċ a ḃí ag tóirioċt céile dá inín.

"Isé go deiṁin," a d'ḟreagar an Falla Mór na Síne. Agus ba é críoċ an scéil ná gur pósaḋ an francaċ beag liaṫ agus inín an ḟrancaiġ eile ar a ċéile—rud nár ṁiste leo arae ḃí an-rud aca ar a ċéile le fada an lá roiṁe sin.

Agallaṁ beirte

Léiṫeoir Amáraċ: An ḃfuil aon ċeo contráilte leatsa?

Mise: Contráilte? Liomsa? Tá's ag an lá gur aisteaċ an ċeist í sin. Dá n-abráinn naċ ḃfuil tada contráilte liom b'ḟéidir go gceapfaí go raḃas ag iarraiḋ saoi gan loċt a ḋéanaṁ ḋíom féin. Rud naċ mbeaḋ fíor, a dtuigeann tú. Aċ cé'n fáṫ an ċeist?

L.A. — Innseóiḋ mise ḋuit cé'n fáṫ an ċeist. An gceapann tú gur páipéar do ḋaoine óga —do ġasúir — an páipéar seo?

Mise — Is páipéar don dteaġlaċ fré ċéile é. Saṁlaím lán a' tí ag baint sásaṁ as. Iad cois na tine móna de oíċe agus an t-aṫair dá léaṁ ós árd dóiḃ — don ṁáṫair, don gclann ṁac ⁊ don gclann iníne. Iad uilig ar ḃís go gcloisfiḋ siad céard a ḃí le rá ag Risteárd Ó Glaisne nó ag Fearfeasa nó agam féin b'ḟéidir. Ó léiġ Litir Ṡasana ḋúinn, a Ḋeaid, bíonn an-ġríosaḋ ansin i gcónaí. A leiṫéid sin. a dtuigeann tú.

L.A. (go searuiseaċ) — Is baolaċ naċ é a n tseaċtain seo é. Diaḃail, a ḋuine, cé ċuirfeaḋ suim sa leanḃaíoċt sin a ḃfuil bunáite do ċuid spáis íditċe leis? Francaċ ag iarraiḋ ar an ngrian a inín a ṗósaḋ!

Mise: Agus ar an scamall, ar an ngaoṫ agus ar an ḃFalla Mór. Ó ḋála an scéil, is breá liom go dtuigeann tú an focal sin francaċ. Ḃí faitís orm go mb'ḟéidir go gceapfaí, de míṫuiscint, gur fear de ḃunaḋ na Fraince a ḃí i gceist. Níl aon ḟocal Gaeilge aca ar an ainṁí beag sin sa ḃFód Duḃ. "Rat" a tugann siad ar ḟrancaċ agus iad ag labairt Gaeilge.

Fear ón ḃFód Duḃ: Go reiḋ ansin. a Ġaillimiġ! Cé dúirt é sin leat? Tá toga na Gaeilge insan áit seo a'ainne. Ní h-ionann agus áiteaċa eile a ḃféadfainn ainm a ċur orra dá mbéinn sáċ corraiṫe. Naċ duine ḋúinn Seán Ceart nó Mí-ċeart Ó Ruaḋáin agus cé ḃfaiġfeá Gaeilgeoir níba Ġaelaí ná é sin?

Mise: Agallaṁ beirte tá anseo, mura miste leat — coinniġ amaċ as. Agus ar ċaoi ar biṫ d'oibriġ mise le muintir na h-áite sin agaiḃ-se. 'Rat' a bíoḋ i gcónaí ar ḟrancaċ aca.

Fear an Ḟóid Ḋuiḃ — Is dearfá nár oibrís! Fan ort anois noiméad—

Mise — Ní ṫabarfaiḋ mé cead ċainte ḋuit. Agallaṁ beirte adeirim. Cé leis an píosa seo ar aon nós?

L.A. — Is leatsa agus go deiṁin is go dearfá ní ḃeaḋ éinne ina ḋiaiḋ ort. Franncaċ ag táṫaint pósaḋ ar ḟalla — beag na mór. Ráiméis, a ḋuine.

Mise (buille fuar): Meas tú?

L.A. — Easpa nuaíoċta a ḃí ag cur as duit, easpa ádḃair litreaċ! Cleasaíoċt suaraċ. Cé ḃfuair tú an fabal-scéal seafóideaċ sin ar aon nós? Ḃain tú as leaḃar é, cuirfiḋ mé geall. As leaḃar a ḃainis é. Póitseálaí tú níl ionnat aċ póitseálaí nuaíoċta. Díleá ort. Cé léiġfeaḋ do Litir Ṡasana? Oireaḋ is focal amáin níl ann faoi Ṡasana. Cleasaí agus leadaí!

Mise — Tá deire leis an agallaṁ seo go ceann seaċtaine eile.

L.A. — Aon ḟocal amáin—

Mise — Tá deire leis, adeirim — DEIRE!

DÓNALL MAC AṀLAIĠ.

Coṁar Ḟeilméaraċt

Is iontaċ an rud an sílċeadáil agus bolscaireaċt. Tá mórán sílċeadáil agus bolscaireaċt ar siúl ag an Aṫair Mac Duiḃir, faoi scéim Gleann Ċolmcille. ⁊ is cosúil go ḃfuil sé ag dul i ḃfeiḋm. Fógraíoḋ an tseaċtain seo caite go ḃfuil 900 feilméaraí i gceantar Árd a' Ráṫa agus ṫart timpeall, ag dul le céile i gCoṁar-Ċumann ċun iasaċt mór a ḟáil lena gcuid feirmeaċa do forḃairt. Tá glacaiṫe ag na Comairleoirí Talṁaíoċt agus an Roinn Talṁaíoċt leis an scéim agus raċaiḋ siad ar aġaiḋ le forḃairt caipiteaċ ar na feirmeaċa beaga. Seo rud fiúntaċ — is mór an molaḋ atá ag dul don Aṫair Mac Duiḃir, agus do muinntir Ġleann Ċolmcille as é ṫaḃairt ċun críċe.

An Spidéal

Tá ċuile ullṁúċáin déanta do cúrsaí Saṁraiḋ i gColáiste Ċonnaċt, An Spidéal, faoi seo. Ḃeiḋ cúrsaí Múinteoirí ar siúl arís i mbliana mar ḃí anuraiḋ. Ḃí ós cionn oċt-scóir ar ċúrsa na Múinteoirí anuraiḋ, agus meastar go mbeiḋ timpeall agus an méid céanna i mbliana. Tá sealaeṫa agus caraḃáin ar cíos ar fáil do ḋaoine a ḃíonn ag freastal ar an ċúrsa. Ċoṁ maiṫ leis sin, tá gnáṫ cúrsaí do ḋaoine óga. P. Ó Foiġill, O.S., An Spid

Cinealaċa fataí le cur

Ní miste do ḟeilméaraí i gceantar Muiġeo Ṫuaiḋ agus Dún na nGall Ṫiar, cuiṁniú gur briseaḋ dlí é, fataí atá tugtha don Ġearḃ Duḃ, a ċur, agus go ndlífear fíneáil a ċur ar ḋaoine a ḃriseas an rialaċáin seo.

Sin é adeir fógra eolais a ṫáinig amaċ ó oifig eolais an Rialtais an tseaċtain seo caite. Tá liosta de na cinéalaċa atá ceadaiṫe dá ċur ar an bpóstéir